2026/1554

10.7.2026

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/1554 ÓN gCOIMISIÚN

an 9 Iúil 2026

lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2024/1679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le sonraí soghluaisteachta uirbí in aghaidh an nóid uirbigh i réimsí na hinbhuanaitheachta, na sábháilteachta agus na hinrochtaineachta a bhailiú agus a chur faoi bhráid an Choimisiúin

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/1679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 maidir le treoirlínte an Aontais chun an gréasán tras-Eorpach iompair a fhorbairt, lena leasaítear Rialacháin (AE) 2021/1153 agus (AE) Uimh. 913/2010 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013 ([1]), agus go háirithe Airteagal 41(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le hAirteagal 57 de Rialachán (AE) 2024/1679, úsáidfidh na Ballstáit an córas idirghníomhach faisnéise geografaí agus teicniúla le haghaidh an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair (TENtec) chun tuairisciú a dhéanamh ar chur chun feidhme an Rialacháin sin. Dá bhrí sin, is iomchuí TENtec a úsáid freisin chun sonraí soghluaisteachta uirbí in aghaidh an nóid uirbigh i réimsí na hinbhuanaitheachta, na sábháilteachta agus na hinrochtaineachta a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

(2) Ba cheart don Bhallstát na bearta is gá a dhéanamh chun a áirithiú go mbeidh na sonraí soghluaisteachta uirbí is déanaí agus is cothroime le dáta atá ar ardchaighdeán ar fáil ag deireadh gach bliana tuairiscithe.

(3) Ba cheart minicíocht chur isteach na sonraí agus túsphointe na hoibleagáide tuairiscithe a bheith i gcomhréir leis na teorainneacha dá bhforáiltear i Rialachán (AE) 2024/1679. Laistigh de na teorainneacha sin, ba cheart roinnt solúbthachta a cheadú chun ualach riaracháin nach bhfuil gá leis ar na Ballstáit a sheachaint.

(4) Chun na sonraí a chomhthiomsú, ba cheart cumhdach geografach na sonraí atá le bailiú a bhunú. Chun críocha an Rialacháin seo, ba cheart do na Ballstáit an cumhdach geografach a bhunú ar bhonn aonaid riaracháin áitiúla (ARÁ), dá dtagraítear in Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]), agus an Coimisiún a chur ar an eolas faoi chóid ARÁ atá le húsáid chun na sonraí a bhailiú le haghaidh gach ceann dá nóid uirbeacha. Chun cur chun feidhme a éascú, roghnaítear ARÁ mar is ann dóibh sna Ballstáit uile, agus tagraítear dóibh in Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003. Chun a áirithiú go dtarchuirfear na sonraí go rianúil trí TENtec, ba cheart don Bhallstát an Coimisiún a chur ar an eolas faoi chóid ARÁ atá le húsáid faoin 31 Nollaig 2026 nó faoin 31 Nollaig den bhliain roimh na blianta tuairiscithe ina dhiaidh sin.

(5) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]), agus tugadh tuairim uaidh an 24 Samhain 2025 ([4]).

(6) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gcoiste a bunaíodh le hAirteagal 61 de Rialachán (AE) 2024/1679,

([1]) IO L, 2024/1679, 28.6.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1679/oj.

([2]) Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Bealtaine 2003 maidir le haicmiú comhchoiteann na n-aonad críche maidir le staidreamh (NUTS) a bhunú (IO L 154, 21.6.2003, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2003/1059/oj).

([3]) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1725/oj).

([4]) Tuairim an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí C2025-1033.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ábhar

Leagtar síos sa Rialachán seo na táscairí atá le húsáid chun sonraí soghluaisteachta uirbí a bhailiú, bunaítear leis modhanna chun na sonraí sin a bhailiú agus a chur faoi bhráid an Choimisiúin agus sonraítear ann an sprioc-am chun iad a chur isteach.

Airteagal 2

Sainmhínithe

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn 'gnátháit chónaithe' 'gnátháit chónaithe' mar a shainmhínítear in Airteagal 2(11) de Rialachán (AE) Uimh. 1260/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]);

(2) ciallaíonn 'sonraí geoshuímh' faisnéis lena sainaithnítear nó lena soláthraítear faisnéis faoi shuíomh geografach an ábhair sonraí atá i gceist;

(3) ciallaíonn 'nód rochtana' suíomh réamhshainithe ina bhféadfaidh paisinéirí dul ar bord iompair sceidealaithe nó é a fhágáil;

(4) ciallaíonn 'timpiste tráchta bóthair' timpiste tráchta bóthair mar a thuairiscítear do bhunachar sonraí an Chomhphobail maidir le timpistí bóthair, arna bhunú i gcomhréir le Cinneadh 93/704/CE ón gComhairle ([6]) ('bunachar sonraí CARE');

(5) ciallaíonn 'díobháil thromchúiseach' duine a díobháladh go tromchúiseach mar a thuairiscítear do bhunachar sonraí CARE;

(6) ciallaíonn 'díobháil mharfach' duine a díobháladh go marfach mar a thuairiscítear do bhunachar sonraí CARE;

(7) ciallaíonn 'iompar de bhóthar' gach taisteal ar bhóthar laistigh den limistéar geografach;

(8) ciallaíonn 'turas' turas ó thionscnamh go dtí an ceann scríbe gan beann ar an gcuspóir atá leis, lena n-áirítear gluaiseacht idir an tionscnamh agus an ceann scríbe agus an suíomh céanna;

(9) ciallaíonn 'stoc' líon na ngluaisteán paisinéirí a chláraítear ar dháta áirithe laistigh den limistéar geografach agus a cheadúnaítear chun bóithre atá oscailte do thrácht poiblí a úsáid;

(10) ciallaíonn 'feithicil chláraithe' feithicil atá cláraithe agus ceadúnaithe laistigh den limistéar geografach;

(11) ciallaíonn 'gluaisteán paisinéirí' mótarfheithicil bóthair, seachas móipéid nó gluaisrothar atá ceaptha lena húsáid chun paisinéirí a iompar agus atá deartha chun naonúr ar a mhéad (an tiománaí san áireamh) a shuí;

(12) ciallaíonn 'bealach' conair nó cúrsa ainmnithe, a oibrítear mar chuid de sheirbhís iompair phoiblí sceidealta agus a shanntar do líne shonrach seirbhíse iompair, a leanann feithicil iompair phoiblí agus í ag taisteal ó nód rochtana amháin go dtí nód rochtana eile ar bhonn sceidil, cibé acu a théann nó nach dtéann sí tríd an nód rochtana céanna níos mó ná uair amháin agus cibé acu a oibríonn nó nach n-oibríonn líne amháin nó roinnt línte idir na nóid rochtana chéanna;

(13) ciallaíonn 'buaicuaireanta trachta' na huaireanta le linn gnáthlá seachtaine (ní lá saoire poiblí) leis an líon is airde daoine ag taisteal sa nód uirbeach, lena n-áirítear uair an chloig ar a laghad ar maidin agus uair an chloig um thráthnóna;

(14) ciallaíonn 'stáisiún iarnróid' suíomh ar iarnród inar féidir le seirbhís iarnróid do phaisinéirí tosú, stopadh nó críochnú, ar línte atá faoi raon feidhme Threoir (AE) 2016/797 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([7]).

([5]) Rialachán (AE) Uimh. 1260/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Samhain 2013 maidir le staidreamh déimeagrafach Eorpach (IO L 330, 10.12.2013, lch. 39, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/1260/oj).

([6]) Cinneadh 93/704/CE ón gComhairle an 30 Samhain 1993 maidir le bunachar sonraí Comhphobail um thionóiscí bóthair a chruthú (IO L 329, 30.12.1993, lch. 63, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/1993/704/oj).

([7]) Treoir (AE) 2016/797 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le hidir-inoibritheacht an chórais iarnróid laistigh den Aontas Eorpach (IO L 138, 26.5.2016, lch. 44, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2016/797/oj).

Airteagal 3

Bailiú sonraí

Is iad na táscairí a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo na táscairí a úsáidfear chun sonraí soghluaisteachta uirbí dá dtagraítear in Airteagal 41(1), pointe (b)(ii), de Rialachán (AE) 2024/1679 a bhailiú.

Maidir le gach táscaire, cuirfidh an Ballstát an modh bailithe sonraí faoi seach a leagtar amach san Iarscríbhinn i bhfeidhm.

Áiritheoidh an Ballstát go soláthrófar sonraí ar ardchaighdeán leis an modh bailithe sonraí a roghnófar. Cuirfidh an Ballstát an mhodheolaíocht bailithe sonraí ar fáil don Choimisiún arna iarraidh sin dó.

Airteagal 4

Sonraí a chur faoi bhráid an Choimisiúin

1. Bainfidh na Ballstáit úsáid as córas faisnéise agus faireacháin TENtec chun sonraí a chur isteach trí úsáid a bhaint as an teimpléad atá le soláthar ag an gCoimisiún. Tíolacfaidh siad sonraí de réir an limistéir gheografaigh a shainaithnítear i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 6.

2. Ag brath ar an táscaire agus ar infhaighteacht na sonraí, féadfaidh ceachtar den dá fhoirm seo a leanas a bheith i gceist le cur isteach sonraí:

(a) Cuireann na Ballstáit sonraí go díreach faoi bhráid an Choimisiúin;

(b) sna cásanna dá bhforáiltear san Iarscríbhinn, baineann an Coimisiún sonraí a sholáthair an Ballstát roimhe sin i gcomhthéacs tuairiscithe eile, má dhéantar na sonraí sin a gheoshuí. Féadfaidh na Ballstáit a iarraidh ar an gCoimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar na sonraí sin ina dhiaidh sin.

Airteagal 5

Spriocdhátaí chun sonraí a chur isteach

1. Faoin 31 Nollaig 2027, agus faoin 31 Nollaig gach ceathrú bliain ina dhiaidh sin, tíolacfaidh an Ballstát sonraí le haghaidh na dtáscairí a leagtar amach san Iarscríbhinn i gcomhréir leis na modhanna bailithe sonraí a leagtar amach inti. Beidh na sonraí ar na sonraí is déanaí agus cothrom le dáta a bheidh ar fáil tráth a chuirfear isteach iad.

2. De mhaolú ar mhír 1, féadfar an chéad tacar sonraí a thíolacadh faoin 31 Nollaig 2028 ar choinníoll go dtabharfaidh an Ballstát fógra don Choimisiún go bhfuil sé ar intinn aige déanamh amhlaidh faoin 31 Nollaig 2027. Ní dhéanfaidh cur isteach na sonraí ag an spriocdháta níos déanaí difear d'uainiú na mblianta tuairiscithe ina dhiaidh sin.

3. De mhaolú ar mhír 1, sonraí le haghaidh SU.1 'Líon na dturas sa limistéar geografach in aghaidh an lae, arna miondealú de réir na gcúig mhodh taistil seo a leanas: siúl, rothaíocht, mótariompar aonair, iompar poiblí, agus eile', mar a leagtar amach san Iarscríbhinn, féadfar iad a chur isteach gach cúigiú bliain. Ballstát a roghnaíonn an mhinicíocht tíolactha sin, tabharfaidh sé fógra don Choimisiún faoina chinneadh faoin 31 Nollaig 2027.

4. Maidir leis na táscairí sábháilteachta lena n-éilítear sonraí in aghaidh na bliana, cuimseofar sna sonraí a chuirfear isteach gach ceathrú bliain an tréimhse 4 bliana idir na blianta tuairiscithe. Mura bhfuil sé indéanta an tréimhse iomlán 4 bliana a chumhdach, cuirfear sonraí isteach le haghaidh an oiread blianta idir an dá linn agus is féidir agus cuirfear aon sonraí atá in easnamh ar fáil sa chéad bhliain tuairiscithe eile.

5. I gcás nár gineadh ná nár bailíodh aon sonraí nua ón tíolacadh roimhe sin, cuirfidh an Ballstát na sonraí ón tíolacadh roimhe sin isteach arís, mar aon le nóta míniúcháin i scríbhinn lena ndéantar na nithe seo a leanas:

(a) cúiseanna a thabhairt leis na sonraí céanna a chur isteach an athuair;

(b) plean a sholáthar chun sonraí nuashonraithe a chur isteach sa chéad bhliain tuairiscithe eile.

Airteagal 6

Cumhdach geografach na sonraí a bhailítear

1. Faoin 31 Nollaig 2026, cuirfidh na Ballstáit faoi bhráid an Choimisiúin liosta de chóid na n-aonad riaracháin áitiúil (ARÁ), dá dtagraítear in Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003, a chomhfhreagraíonn do chumhdach geografach na sonraí a bhailigh na Ballstáit le haghaidh gach ceann dá nóid uirbeacha féin chun críocha an Rialacháin seo. Beidh an cumhdach geografach ag teacht le teorainneacha an ARÁ shainaitheanta. Féadfaidh cumhdach geografach nóid uirbigh aonair a bheith comhdhéanta de ARÁ amháin nó de roinnt ARÁnna.

2. Sannfar gach cód ARÁ go huathúil do chumhdach geografach nóid uirbigh aonair agus, dá bhrí sin, cuirfear sonraí a bhaineann le limistéar ARÁ sonrach isteach go heisiach faoin nód uirbeach comhfhreagrach agus ní shannfar iad d'ilnóid uirbeacha.

3. Leis na sonraí soghluaisteachta uirbí a chuirfear isteach le haghaidh gach nóid uirbigh, cumhdófar an limistéar geografach iomlán arna ainmniú ag a chóid ARÁ féin.

4. Más mian le Ballstát athrú a dhéanamh ar chóid ARÁ a úsáidtear do chumhdach geografach nóid uirbigh a shainaithnítear i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach san Airteagal seo, cuirfidh sé fógra faoi bhráid an Choimisiúin an 31 Nollaig den bhliain féilire roimh an mbliain tuairiscithe mar aon le míniú soiléir ar na cúiseanna atá leis an athrú.

Airteagal 7

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 9 Iúil 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Liosta de tháscairí soghluaisteachta uirbí agus modhanna bailithe sonraí

1. **Táscairí i réimse na ngnéithe cothrománacha**

(1) HO.1 Líon iomlán na ndaoine, de réir inscne agus aoisghrúpa, a bhfuil a ngnátháit chónaithe sa limistéar geografach [# daoine].

Modh bailithe sonraí: bainfidh an Coimisiún na sonraí is ábhartha maidir leis an limistéar geografach as na sonraí arna bhfoilsiú ag Eurostat i gcomhréir le hAirteagal 4(2), pointe (b). I gcás nach bhfuil aon sonraí geoshuímh ar fáil, baileoidh an Ballstát na sonraí is gá trína mbaint ón daonáireamh is déanaí agus cuirfidh sé isteach iad i gcomhréir le hAirteagal 4(2), pointe (a).

(2) HO. 2 Méid an limistéir gheografaigh [# km^2] arna sainaithint i gcomhréir le hAirteagal 6.

Modh bailithe sonraí: bainfidh an Coimisiún na sonraí is ábhartha maidir leis an limistéar geografach as na sonraí arna bhfoilsiú ag Eurostat i gcomhréir le hAirteagal 4(2), pointe (b). I gcás nach bhfuil aon sonraí geoshuímh ar fáil, baileoidh an Ballstát na sonraí is gá i gcomhréir lena chreat institiúideach agus dlíthiúil agus cuirfidh sé isteach iad i gcomhréir le hAirteagal 4(2), pointe (a).

(3) HO. 3 Líon iomlán na nód rochtana sa limistéar geografach [# nóid rochtana].land of e

Modh bailithe sonraí: úsáidfidh an Ballstát aon mhodh a úsáidtear chun na sonraí sin a bhailiú faoi Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/1926 ón gCoimisiún ([1]).

2. **Táscairí i réimse na ngnéithe inbhuanaitheachta**

(4) SU.1 Líon na dturas sa limistéar geografach a dhéantar in aghaidh an lae, arna miondealú de réir na gcúig mhodh taistil seo a leanas: siúl, rothaíocht, mótariompar aonair, iompar poiblí, agus eile [# turais].

Modh bailithe sonraí: úsáidfidh an Ballstát suirbhé, sonraí fóin póca, samhail iompair nó foinsí mórshonraí eile chun na sonraí a bhailiú. Má tá roinnt céimeanna i gceist le turas ina n-úsáidtear modhanna éagsúla iompair, tuairisceofar an príomh-mhodh. Tabharfaidh an Ballstát fógra don Choimisiún tráth thíolacadh na sonraí má thagraíonn na sonraí do thurais a rinne daoine a bhfuil a ngnátháit chónaithe acu sa limistéar geografach nó má thagraíonn sé do na turais uile a rinneadh sa limistéar geografach.

(5) SU.2 Stoc na ngluaisteán paisinéirí cláraithe sa limistéar geografach, a chuirtear i láthair i bhformáid mhaitríse, arna mhiondealú de réir chineál an mhótarfhuinnimh, de réir chatagóir an chaighdeáin astaíochtaí Euro, agus de réir chatagóir úinéireachta [# feithiclí].

Is iad seo a leanas na cineálacha mótarfhuinnimh:

— peitreal, lena n-áirítear feithiclí leictreacha hibrideacha,

— díosal, lena n-áirítear feithiclí leictreacha hibrideacha,

— feithiclí leictreacha hibrideacha inluchtaithe peitril agus díosail,

([1]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/1926 ón gCoimisiún an 31 Bealtaine 2017 lena bhforlíontar Treoir 2010/40/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le seirbhísí faisnéise taistil um an iompar ilmhódach a sholáthar ar fud an Aontais (IO L 272, 21.10.2017, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2017/1926/oj).

— feithiclí astaíochtaí nialasacha (lena n-áirítear feithiclí ceallra-leictreacha agus feithiclí breosla-chille hidrigine),

— eile, lena gcumhdaítear peitreal/GPL débhreosla, peitreal débhreosla/GNC, GPL, GNC, fleiscbhreosla agus breoslaí seachas iad siúd a liostaíodh roimhe seo.

I gcás nach bhfuil cineál áirithe mótarfhuinnimh ar fáil sa limistéar geografach, cuirfidh an Ballstát nialas le haghaidh na catagóire sin.

Is iad seo a leanas catagóirí na gcaighdeán astaíochtaí Euro:

— Caighdeán Eorpach 1-4,

— Caighdeán Eorpach 5-6c,

— Caighdeán Eorpach 6d,

— Caighdeán Eorpach 7.

Is iad seo a leanas na catagóirí úinéireachta:

— duine nádúrtha,

— duine dlítheanach.

Modh bailithe sonraí: baileoidh an Ballstát na sonraí trína mbaint ón tseirbhís clárúcháin feithiclí.

3. **Táscairí i réimse na ngnéithe sábháilteachta**

(6) SA.1 An líon timpistí tráchta ar bhóithre sa limistéar geografach in aghaidh na bliana [# timpistí].

Modh bailithe sonraí: bainfidh an Coimisiún na sonraí ábhartha as bunachar sonraí CARE i gcomhréir le hAirteagal 4(2), pointe (b). Cuirfear na sonraí isteach san fhormáid chéanna agus atá i mbunachar sonraí CARE. I gcás nach bhfuil aon sonraí geoshuímh ar fáil, baileoidh an Ballstát na sonraí tríd an bhfaisnéis ábhartha a bhaint as taifid phóilíneachta, i gcomhréir leis na dlíthe agus na rialacháin is infheidhme lena rialaítear rochtain ar na taifid sin agus cuirfidh sé isteach iad i gcomhréir le hAirteagal 4(2), pointe (a).

(7) SA.2 An líon daoine a ghortaítear go dona i dtimpistí tráchta ar bhóithre sa limistéar geografach in aghaidh na bliana, arna mhiondealú de réir gnéis, aoise, agus cineál aonaid tráchta a úsáideann an duine a ghortaítear go dona agus príomhfheithicil eile a bhfuil baint aici leis an timpiste [# daoine].

Modh bailithe sonraí: bainfidh an Coimisiún na sonraí ábhartha as bunachar sonraí CARE i gcomhréir le hAirteagal 4(2), pointe (b). I gcás nach bhfuil aon sonraí geoshuímh ar fáil, baileoidh an Ballstát na sonraí tríd an bhfaisnéis ábhartha a bhaint as taifid phóilíneachta agus ospidéil, i gcomhréir leis na dlíthe agus na rialacháin is infheidhme lena rialaítear rochtain ar na taifid sin agus cuirfidh sé isteach iad i gcomhréir le hAirteagal 4(2), pointe (a). Cuirfear na sonraí isteach san fhormáid chéanna agus atá i mbunachar sonraí CARE. I gcás nach mbeidh aon sonraí maidir le gortú tromchúiseach ar fáil, baileoidh an Ballstát na sonraí maidir le gach limistéar geografach faoi gach duine a gortaítear sa timpiste agus cuirfidh sé isteach iad. Tabharfaidh an Ballstát fógra don Choimisiún má ghlactar cur chuige den sórt sin.

(8) SA.3 An líon daoine a gortaíodh go marfach i dtimpistí tráchta ar bhóithre sa limistéar geografach in aghaidh na bliana, arna mhiondealú de réir gnéis, aoise, agus cineál aonaid tráchta a úsáideann an duine a gortaíodh go marfach agus príomhfheithicil eile a raibh baint aici leis an timpiste [# daoine].

Modh bailithe sonraí: bainfidh an Coimisiún na sonraí ábhartha as bunachar sonraí CARE i gcomhréir le hAirteagal 4(2), pointe (b). I gcás nach bhfuil aon sonraí geoshuímh ar fáil, baileoidh an Ballstát na sonraí tríd an bhfaisnéis ábhartha a bhaint as taifid phóilíneachta agus ospidéil, i gcomhréir leis na dlíthe agus na rialacháin is infheidhme lena rialaítear rochtain ar na taifid sin agus cuirfidh sé isteach iad i gcomhréir le hAirteagal 4(2), pointe (a). Cuirfear na sonraí isteach san fhormáid chéanna agus atá i mbunachar sonraí CARE.

4. **Táscairí i réimse na ngnéithe inrochtaineachta**

(9) AC. 1 An líon nód rochtana sa limistéar geografach ina bhfuil ceithre imeacht sceidealaithe nó níos mó le linn buaicuaireanta tráchta in aghaidh an bhealaigh in aghaidh na huaire ar bhealach amháin ar a laghad [# nóid rochtana].

Modh bailithe sonraí: úsáidfidh an Ballstát aon mhodh a úsáidtear chun na sonraí sin a bhailiú faoi Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/1926. Is é an Ballstát a chinnfidh uainiú agus fad an bhuaicuaireanta tráchta.

(10) AC. 2 Líon iomlán na stáisiún iarnróid sa limistéar geografach [# stáisiúin].

Modh bailithe sonraí: bainfidh an Coimisiún na sonraí ábhartha ón mBunachar Sonraí Eorpach maidir le hInrochtaineacht na Stáisiún Iarnróid (ERSAD), arna oibriú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1300/2014 ón gCoimisiún ([2]), i gcomhréir le hAirteagal 4(2), pointe (b) den Rialachán seo. I gcás nach bhfuil aon sonraí geoshuímh ar fáil, baileoidh an Ballstát na sonraí is gá ón eintiteas atá i gceannas ar inrochtaineacht a thuairisciú i gcomhréir le hAirteagal 7a de Rialachán (AE) Uimh. 1300/2014 agus cuirfidh sé isteach iad i gcomhréir le hAirteagal 4(2), pointe (a), den Rialachán seo.

(11) AC. 3 An líon stáisiún iarnróid sa limistéar geografach a dtuairiscíonn an t-eintiteas tuairiscithe iad a bheith inrochtana in ERSAD [# stáisiúin] toisc go gcomhlíonann siad na critéir seo a leanas:

(a) rochtain ar an stáisiún, a sholáthraítear trí na nithe seo a leanas:

(1) rochtain saor ó chéimeanna (i gcás inarb ábhartha, trí ardaitheoir inrochtana nó trí rampa) ar an stáisiún ó charrchlós amháin ar a laghad ina bhfuil áiteanna páirceála do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe (pointe tagartha);

(2) rochtain saor ó chéimeanna (i gcás inarb ábhartha, trí ardaitheoir inrochtana nó trí rampa) ar an stáisiún ó phointe stad amháin ar a laghad de mhodh iompair nasctha eile (pointe tagartha);

(b) rochtain ar fhaisnéis sa stáisiún, a sholáthraítear trí na nithe seo a leanas:

(1) córais dhinimiciúla faisnéise labhartha agus amhairc atá ar fáil sa stáisiún;

(2) rochtain saor ó chéimeanna (i gcás inarb ábhartha, trí ardaitheoir inrochtana nó trí rampa) ar dheasc faisnéise atá inrochtana do chathaoireacha rothaí sa stáisiún lena n-áirítear clos-lúibe ionduchtaithe;

(c) rochtain ar thicéid sa stáisiún, a sholáthraítear trí na nithe seo a leanas:

(1) rochtain saor ó chéimeanna (i gcás inarb ábhartha, rí ardaitheoir inrochtana nó trí rampa) ar chuntar díola ticéad atá inrochtana do chathaoireacha rothaí sa stáisiún lena n-áirítear córas clos-lúibe ionduchtaithe, i gcás inarb ann do chuntair dhíola;

(2) meaisín díola ticéad ag a bhfuil gnéithe inrochtana fuaime agus tadhaill, i gcás inarb ann do mheaisíní díola;

(d) comharthaíocht sa stáisiún, atá sna foirmeacha seo a leanas:

bealaí isteach agus conairí sa stáisiún lena n-áirítear marcálacha tadhlacha agus marcáil *braille* nó faisnéis thadhlach ar ráillí láimhe agus ar bhallaí;

(e) rochtain ar ardáin, a sholáthraítear trí na nithe seo a leanas:

ardáin atá saor ó chéimeanna agus inrochtana do chathaoireacha rothaí (ar féidir rochtain a fháil orthu freisin trí bhacainní rialaithe ticéad, i gcás ina bhfuil bacainní ann) le táscairí tadhlacha agus codarsnachta dromchla siúil atá comhsheasmhach feadh an ardáin;

([2]) Rialachán (AE) Uimh. 1300/2014 ón gCoimisiún an 18 Samhain 2014 maidir leis na sonraíochtaí teicniúla don idir-inoibritheacht a bhaineann le hinrochtaineacht chóras iarnróid an Aontais do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe (IO L 356, 12.12.2014, lch. 110, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2014/1300/oj).

(f) rochtain ar thraenacha, a sholáthraítear trí na nithe seo a leanas:

rochtain chothrom ón ardán ar thraenacha d'úsáideoirí cathaoireacha rothaí nó cúnamh saor in aisce le linn bordála agus tuirlingt ó thraenacha ag stáisiúin nach soláthraíonn rochtain chothrom ón ardán ná ar an ardán.

Modh bailithe sonraí: Bainfidh an Coimisiún na sonraí ábhartha as ERSAD i gcomhréir le hAirteagal 4(2), pointe (b). I gcás nach mbeidh sonraí geoshuímh ar fáil, baileoidh an Ballstát na sonraí is gá ón eintiteas atá i gceannas ar inrochtaineacht a thuairisciú i gcomhréir le hAirteagal 7a de Rialachán (AE) Uimh. 1300/2014 agus cuirfidh sé isteach iad i gcomhréir le hAirteagal 4(2), pointe (a), den Rialachán seo.